Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Iarratas ar Mhonaí Mí-Oiriúnacha Euro a Mhalartú

## Foirm Iarratais do Chuideachta nó do Chatharnas

1. **Níor cheart an fhoirm seo a úsáid ach amháin le haghaidh monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta.**

   Ciallaíonn 'mí-oiriúnach le aghaidh cúrsaíochta' (i) monaí euro atá dílis ach ar diúltaíodh dóibh le linn phróiseas an fhíordheimhniúcháin nó (ii) monaí euro a bhfuil athrú suntasach déanta ar an gcuma atá orthu.

2. Líon isteach codanna 3-8 leis na sonraí a iarrtar, le do thoil, agus déan cinnte go bhfuil an fhoirm bhunaidh faoi iamh. Ní ghlacfar le fótachóipeanna den fhoirm chomhlánaithe. **Mura gcomhlánaítear an fhoirm i gceart nó mura gcuirtear an doiciméadacht tacaíochta ar fáil, cuirfear moill ar phróiseáil d'iarratais.**

3. Breithneoidh Banc Ceannais na hÉireann d'iarratas faoina chuid nósanna imeachta a rialáiltear faoi Rialachán AE 1210/2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil. Ní thabharfaidh Banc Ceannais na hÉireann cúiteamh i leith monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta nó a athraíodh d'aon ghnó nó trí phróiseas a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfaí iad a athrú leis an bpróiseas sin, ná ní chuirfear monaí den sórt sin ar ais chuig an iarratasóir. I gcás monaí euro a chuaigh faoi phróiseas amhail gléasraí loiscthe dramhaíola agus/nó gléasraí athchúrsála miotail, breithneofar go ndearnadh iad a athrú d'aon ghnó agus ní thabharfar cúiteamh ina leith dá bharr sin. Ceanglaítear le dlí ar Bhanc Ceannais na hÉireann monaí mí-oiriúnacha a scriosadh.

4. De bharr ceanglas maidir le Sláinte agus Sábháilteacht agus le Láimhsiú Sábháilte, ní ghlacfar i gCeannoifig Bhanc Ceannais na hÉireann, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, DO1 F7X3 ach amháin le taiscthí suas le meachán uasta 10kg agus ní mór coinne a dhéanamh roimh ré. Cuir glaoch, le do thoil, ar 01-2245969 chun coinne a dhéanamh.

5. I gcás inar mó ná 10kg d'iarratas, téigh i dteagmháil lenár bhfoireann um Sheirbhís do Chustaiméirí trí ríomhpost a sheoladh chuig currencyservices@centralbank.ie d'fhonn socrú a dhéanamh chun an fhoirm iarratais chuí agus an doiciméadacht tacaíochta a chur isteach lena bhfíorú sula ndéanfaidh tú coinne maidir leis an taisceadh a sheachadadh. A luaithe a bheidh measúnú déanta ar an iarratas, rachaidh Banc Ceannais na hÉireann i dteagmháil leat trí ríomhphost agus ansin is féidir leat a iarraidh ar chuideachta iompair airgid, arna cheadúnú ag PSA, chun do chuid monaí a sheachadadh chuig ár Lárionad Airgeadra. Ní féidir leat do chuid monaí a chur isteach gan údarú a fháil ó Bhanc Ceannais na hÉireann. Ní mór don chuideachta iompair airgid a roghnaíonn tú dul i dteagmháil go díreach le Banc Ceannais na hÉireann chun socrú a dhéanamh maidir leis an seachadadh mar ní ghlacfaidh Banc Ceannais na hÉireann le taiscthí monaí gan coinne nó fógra roimh ré.

6. Má nochtadh monaí damáistithe do cheimiceáin nó d'ábhair ghuaiseacha, ní mór duit sonraí a thabhairt maidir le cineál na substainte ar nochtadh na monaí di agus ní mór duit measúnú comhlánaithe sláinte agus sábháilteachta ó údarás ábhartha a chur ar fáil i gcás ina bhféadfaidh siad a bheith ina mbagairt ar shláinte agus ar shábháilteacht sula gcuirfidh tú na monaí isteach lena malartú. Gearrfar táillí

breise i leith taiscthí den sórt sin.

7. Féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann táille láimhseála a ghearradh ar d'iarratas mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán AE 1210/2010.

8. Is gá go mbeidh gach taisceadh pacáistithe i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas atá leagtha amach in Airteagal 10 maidir le pacáistiú. Is gá na monaí a shórtáil de réir a n-ainmníochta i málaí nó i mboscaí caighdeánacha, mar atá leagtha amach thíos, agus beidh mar uasmhéid sna málaí nó sna boscaí:

   (i) 500 mona do gach ceann de na hainmníochtaí EUR 2 agus EUR 1;

   (ii) 1000 mona do gach ceann de na hainmníochtaí EUR 0.50, EUR 0.20 agus EUR 0.10;

   (iii) 2000 mona do gach ceann de na hainmníochtaí EUR 0.05, EUR 0.02 and EUR 0.01; agus

   (iv) i gcás méideanna níos lú, 100 mona do gach ainmníocht.

   Is gá go dtaispeánfar ar gach mála nó bosca, sonraí céannachta an duine nádúrtha nó an duine dhlítheanaigh a bhfuil an mála nó bosca á chur isteach acu, mar aon leis an luach agus an ainmníocht atá ann, an meáchan, an dáta pacáistithe, agus uimhir an mhála nó an bhosca. Ní mór gach foirm iarratais a chur isteach i dteannta liosta pacáistithe ar a bhfuil cur síos ar a bhfuil sna málaí nó sna boscaí a chuirtear chuig Banc Ceannais na hÉireann lena malartú. Má mhainnítear na ceanglais seo a chomhlíonadh, tá seans ann go gcuirfear moill mhór ar phróiseáil d'iarratais.

9. Chun a chinntiú go ndéanfar d'iarratas a phróiseáil go cuí, iarrtar ort **míniú a thabhairt ar fhoinse na monaí mí-oiriúnacha agus <u>faisnéis iontaofa atá infhíoraithe go neamhspleách a chur ar fáil mar fhianaise air sin</u>.** Mar shampla: doiciméid lena bhfíoraítear d'úinéireacht ar na monaí mí-oiriúnacha euro.

10. Ceanglaítear ort freisin **míniú mionsonraithe a thabhairt ar chúis an damáiste mar aon le fianaise chun tacú leis an míniú sin**. **<u>Cuimhnigh: Ní dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann aisíocaíocht i leith monaí a chuaigh trí phróiseas amhail loscadh dramhaíola agus/nó próiseas athchúrsála miotail.</u>**

11. I measc na nithe a chuirfidh Banc Ceannais na hÉireann san áireamh nuair a bheidh iarratais ar mhalartú monaí mí-oiriúnacha á measúnú aige, áirítear sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, comhlíonadh rialacha ioncaim, agus coiriúlacht agus, i gcás ina meastar gur cuí déanamh amhlaidh, féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann, teagmháil a dhéanamh le húdaráis náisiúnta ábhartha eile. Forchoimeádann Banc Ceannais na hÉireann an ceart chun faisnéis nó doiciméid bhreise a lorg chun cabhrú leis lena chuid measúnuithe agus féadfaidh go dtógfaidh sé roinnt mhaith ama na measúnuithe sin a chur i gcrích. Féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann taiscthí os cionn tairseach luacha ar leith, arna socrú ag Banc Ceannais na hÉireann ó am go ham, a tharchur chuig údaráis inniúla ábhartha.

12. Má chinneann Banc Ceannais na hÉireann go bhfuil forais aige malartú monaí mí-oiriúnacha euro a dhiúltú, coinneofar siar agus

scriosfar na monaí sa chaoi nach rachaidh na monaí euro sin ar ais i gcúrsaíocht.

13. Ní dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann airgeadra eachtrach, lena n-áirítear steirling, a mhalartú.

**Déan cinnte gur bhreathnaigh tú ar ár suíomh gréasáin chun an t-eolas is deireanaí atá fáil maidir le hiarratas ar phróiseas malartaithe**

https://www.centralbank.ie/consumer-hub/notes-and-coins/exchange-old-or-damaged-money

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

€

**Léigh na treoracha thíos, le do thoil, agus déan cinnte go bhfuil an dearbhú sínithe agat chun go seachnófar aon mhoill ar phróiseáil d'iarratais.**

**Déan cinnte go mbaineann tú úsáid as BLOCLITREACHA gach áit.**

## Cuid 1: Conas d'Iarratas a chur faoi bhráid Bhanc Ceannais na hÉireann.

1) **I bpearsa, le haghaidh taiscthí ar lú ná 10kg a meáchan:**

Is féidir leat an fhoirm iarratais chomhlánaithe, na doiciméid riachtanacha agus na monaí mí-oiriúnacha euro a chur isteach ar an gcaoi seo a leanas:

a) **I bpearsa**, i gCeannoifig Bhanc Ceannais na hÉireann, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 F7X3
   i) Cuir glaoch, le do thoil, ar +353 1 224 5969 chun coinne a dhéanamh.
   ii) Tabhair faoi deara le do thoil:
      - gur féidir leat an t-iarratas a dhéanamh ag Cé an Phoirt Thuaidh ach nach ndéanfar na hiarratais a mheasúnú ansin
      - nach ndéanfar aon airgead a mhalartú ar an lá ar a ndéanfar an t-iarratas i mBanc Ceannais na hÉireann. Déanfar gach iarratas a mheasúnú agus má fhormheastar d'iarratas lena mhalartú, déanfar an íocaíocht isteach i do chuntas bainc ainmnithe.

2) Taiscthí arb ionann **a n-uasluach agus €200 agus ar lú ná 10kg a meáchan, is tríd an bpost cláraithe a ghlacfar leo** (laistigh d'Éirinn amháin) i mBanc Ceannais na hÉireann, P2, Bosca PO 61, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 16.
   i) Tabhair faoi deara, le do thoil, go nglacann an seoltóir dliteanas as aon taiscthí poist. Féach www.anpost.ie chun na critéir a léamh maidir le nithe srianta a sheoladh leis an bpost
   ii) Is tríd an bpost a ghlacfar le monaí damáistithe arb ionann a n-uasluach agus €200 agus ar lú ná 10kg a meáchan. Más mó ná €200 d'iarratas, ní mór é a thabhairt isteach, i bpearsa, chuig Ceannoifig Bhanc Ceannais na hÉireann ag Cé an Phoirt Thuaidh, ach coinne a dhéanamh roimh ré. Cuir glaoch ar 01-2245969 chun coinne a shocrú.

3) **Taiscthí ar mó ná 10kg a meáchan:**

a) Ní mór teagmháil roimh ré a dhéanamh le Banc Ceannais na hÉireann maidir leis an modh taiscthe le haghaidh monaí mí-oiriúnacha ar mó ná 10kg a meáchan.

b) Ní mór foirm iarratais chomhlánaithe i dteannta doiciméadacht tacaíochta a thabhairt do Bhanc Ceannais na hÉireann trí ríomhphost chuig currencyservices@centralbank.ie lena bhfíorú **sula nglacfar** le taisceadh monaí.

c) Ní mór taiscthí monaí os cionn 10kg a sheachadadh chuig Banc Ceannais na hÉireann le gnólacht ceadúnaithe airgid faoi bhealach ach coinne a dhéanamh roimh ré. Leanfaidh an t-iarratasóir de bheith freagrach as an bhfoirm iarratais a chomhlánú agus an doiciméadacht tacaíochta a chur isteach roimh an seachadadh.

d) Tar éis an fhoirm iarratais agus an doiciméadacht tacaíochta a bhreithniú, forchoimeádann Banc Ceannais na hÉireann an ceart chun sampla de mhonaí mí-oiriúnacha a iarraidh sula nglacfar le seachadadh mór.

## Cuid 2: Ceanglais maidir le Doiciméid

Ceanglaítear ort an méid seo a leanas a chur isteach:

1) Foirm chomhlánaithe, shínithe iarratais
2) Litir lena ndeimhnítear údarú ó Stiúrthóir, Rúnaí nó a mhacasamhail chun gníomhú thar ceann cuideachta nó catharnais
3) Cruthúnas ar an gcuntas bainc a ndéanfar na cistí a íoc isteach ann (amhail ráiteas bainc páirtfholaithe) arna dátú laistigh de 3 mhí ó dháta an iarratais.
4) Cóip d'aitheantas fótagrafach (pas nó ceadúnas tiomána)
5) Cruthúnas ar sheoladh na cuideachta cláraithe nó an chatharnais chláraithe (amhail ráiteas bainc páirtfholaithe, bille fóntais, nó comhfhreagras ó Ghníomhaireacht Stáit arna dátú laistigh de 3 mhí ó dháta an iarratais)
6) Faisnéis infhíoraithe maidir le foinse na monaí agus maidir le húinéireacht na cuideachta/an chatharnais ar na monaí
7) Faisnéis infhíoraithe maidir le cúis an damáiste do na monaí

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Cuid 3: Sonraí Pearsanta

| Sonraí an Iarratasóra | |
|---|---|
| Ainm iomlán an Iarratasóra | |
| An post a shealbhaítear | |
| Ainm iomlán na Cuideachta/an Chatharnais | |
| Uimhir Chláraithe na Cuideachta/an Chatharnais: | |
| Seoladh: | |
| Éirchód: | |
| Uimhir Ghutháin: | |
| Seoladh Ríomhphoist: | |

Cuid 4: Sonraí na Monaí Mí-Oiriúnacha Euro lena Malartú: Sonraigh an Líon nó Meáchan thíos

| Aghaidhluach | Líon na Monaí | Meachán na Monaí |
|---|---|---|
| €2.00 | | |
| €1.00 | | |
| €0.50 | | |
| €0.20 | | |
| €0.10 | | |
| €0.05 | | |
| €0.02 | | |
| €0.01 | | |

Cuid 5: Cúis an Damáiste do na Monaí: Mínigh, le do thoil, conas a tharla an damáiste do na monaí
Cuimhnigh: Ní dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann aisíocaíocht i leith monaí a chuaigh trí phróiseas amhail loscadh dramhaíola agus/nó próiseas athchúrsála miotail.

Cuid 6: Foinse na Monaí agus Cruthúnas ar Úinéireacht Dhlíthiúil (i gcás iarratais os cionn €200):
Tabhair faisnéis mhionsonraithe ar an gcaoi ina bhfuarthas na monaí seo mar aon le fianaise chun d'úinéireacht ar na monaí seo a chruthú

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

### Cuid 7: Sonraí Cuntais Bainc

| Cuntas Bainc (a ndéanfar an íocaíocht isteach ann nuair a bheidh na monaí fíoraithe agus deimhnithe)<br>Is gá gur sonraí cuntais bainc na Cuideachta/an Chatharnais iad seo | |
|---|---|
| Ainm an Bhainc & an Bhrainse | |
| Ainm an Chuntais | |
| IBAN: | |
| BIC: | |

### Cuid 8: Dearbhú & Síniú: Sínigh an dearbhú thíos, le do thoil, chun an méid seo a leanas a dheimhniú:

- Deimhním nach ndearnadh na monaí mí-oiriúnacha a athrú d'aon ghnó nó trí phróiseas a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfaí iad a athrú leis an bpróiseas sin, amhail, inter alia, trí loscadh dramhaíola teaghlaigh nó trí phróisis athchúrsála miotail.
- Deimhnín go dtuigim nach ndéanfar na monaí mí-oiriúnacha a thabhairt ar ais dom nó nach bhfaighidh mé luach na monaí sin má chinneann Banc Ceannais na hÉireann gur athraíodh na monaí mí-oiriúnacha d'aon ghnó nó trí phróiseas a bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfaí iad a athrú leis an bpróiseas sin, amhail, inter alia, trí loscadh dramhaíola teaghlaigh nó trí phróisis athchúrsála miotail. Déanfar na monaí mí-oiriúnacha a scriosadh.
- Deimhním nach dtagann na monaí mí-oiriúnacha ó ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith.
- Deimhním go bhfuil gach cuid den fhoirm seo comhlánaithe agam ina n-iomláine, agus go bhfuil an fhaisnéis go léir atá tugtha beacht.
- Deimhním go bhfuil na doiciméid bhreise go léir a theastaíonn don iarratas seo curtha faoi iamh agam.
- Deimhním go dtuigim go bhféadfaidh an Banc Ceannais sonraí maidir leis an iarratas seo, lena n-áirítear cóipeanna de dhoiciméad céannachta agus faisnéis bhreise a gheofar, a chur ar aghaidh chuig údaráis eile amhail An Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim.

| | |
|---|---|
| Síniú an Iarratasóra: | |
| Dáta: | |

Déanfar gach iarratas a bhreithniú faoi Rialachán AE 1210/2010. Gheobhaidh tú deimhniú i scríbhinn ar thoradh d'iarratais. Má ghlactar le d'iarratas ar mhalartú monaí, aistreofar an íocaíocht chuig an uimhir cuntais bainc a cuireadh ar fáil ar an bhfoirm seo.

*Cuideofar le Banc Ceannais na hÉireann d'iarratas a phróiseáil a luaithe is féidir má chuireann tú faisnéis mhionsonraithe, doiciméadacht tacaíochta agus mínithe mionsonraithe ar fáil chun tacú le d'iarratas. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh Banc Ceannais na hÉireann a iarraidh go gcuirfear mínithe breise, nó faisnéis nó fianaise bhreise ar fáil mar thaca le hiarratas ar mhalartú monaí euro damáistithe chun a chumasú dó a fheidhmeanna, lena n-áirítear faoi Chinneadh BCE 1210/10, a chomhlíonadh.*

*Féadfaidh Banc Ceannais na hÉireann aon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a phróiseáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh nó chun a oibríochtaí gnó a éascú. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí. Is féidir leat aon cheisteanna maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag Banc Ceannais na hÉireann a sheoladh chuig dataprotection@centralbank.ie. Tá cóip d'Fhógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí le fáil ar www.centralbank.ie/fns/privacy-statement.*